# LEANÚINT LEIS AN GCOMHRÁ

## COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN - BEARTAS UM FORBAIRT NA HEALAÍONA 2011 - 2014

dlr
Comhairle Contae County Council



Cut out People le Dan McCarthy - Páirc na Carraige Duibhe



# CLÁR ÁBHAR

| | |
|---|---|
| Brollach | 03 |
| **1** Réamhrá | 05 |
| **2** Comhthéacs | 08 |
| **3** Misean agus Tosaíochtaí | 11 |
| **4** Príomhréimsí Beartais le haghaidh Forbartha | 13 |
| **5** Conclúid | 17 |
| **Aguisíní** | |
| **1** Modheolaíocht | 19 |
| **2** Eagraíochtaí agus Daoine Aonair a nDeachtas i nDáil Comhairle leo | 20 |
| **3** Liosta Cruinnithe Comhairliúcháin | 21 |
| **4** The Grainstore, Saoráid na nÓg Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 21 |
| **Leabharliosta** | 22 |
| **Buíochas** | 23 |



Taispeántas Amharcealaíona le Bláithín Quinn
Oifigí CCDRD i nDún Droma

# BROLLACH //

Mar Chathaoirleach agus mar Bhainisteoir Contae Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá ríméad orainn an cháipéis, Leanúint leis an gComhrá: Beartas um Fhorbairt Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2011-2014 (Continuing the Conversation: Dún Laoghaire-Rathdown County Council Arts Development Policy 2011-2014), a chur i láthair.

Ón mbliain 1994 i leith, tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin fíorbhródúil as forbairt a dhéanamh ar na healaíona agus as tacú leo. I dtuairim na Comhairle Contae, is seirbhís thábhachtach iad na healaíona a chuireann le cáilíocht beatha na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa chontae, a oibríonn ann nó a thugann cuairt air. Tá an-lúcháir orainn as an gcáil dá bhfuil orainn mar bhaile tacúil na n-ealaíon agus, sa lá tá inniu ann ina bhfuil cuid mhór dúshlán romhainn, tá muinín againn as a luach intreach agus as an méid mór a chuireann siad le leas an chontae.

Foilsíodh an chéad straitéis le haghaidh na n-ealaíon sa chontae in 2007. Tar éis í a chur i bhfeidhm (2007-2010), thugamar faoi dhianphróiseas comhairliúcháin phoiblí a bhí ina láimh chúnta chun an beartas seo a réiteach. Bhíomar an-chúramach agus muid ag éisteacht agus ag cur tuairimí agus dearcthaí éagsúla san áireamh. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na daoine uile a thug a gcuid ama chun páirt a ghlacadh sa phróiseas seo. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don tsárobair a dhéanann daoine aonair, eagraíochtaí agus grúpaí ar son na n-ealaíon sa chontae freisin, idir amaitéarach, ghairmiúil agus deonach.

Mar gheall ar fhoilsiú na cáipéise, Leanúint leis an gComhrá (Continuing the Conversation), deimhníonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go bhfuil siad tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na n-ealaíon agus do dheiseanna a chruthú do chách chun páirt a ghlacadh sna healaíona. Táimid ag tnúth go mór leis an gcomhoibriú le healaíontóirí, le daoine aonair, le heagraíochtaí agus le grúpaí i rith shaolré an bheartais seo. Tá súil againn go dtiocfaidh fás agus forbairt ar na healaíona i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus tá an-fhonn orainn leanúint leis an gcomhrá leis na daoine uile atá bainteach leo.

An Cathaoirleach
Councillor John Bailey

Bainisteoir Contae
Mr Owen P. Keegan

Ghlac Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le 'Leanúint leis an gComhrá' - Beartas um Forbairt na hEalaíona 2011 - 2014 ar 11 Meán Fómhair 2011.



Conall Morrisson, Ealaíontóir Cónaithe Amharclainne, Amharclann an Pavilion, Dún Laoghaire

# 1 //

## RÉAMHRÁ //

Rinne Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an doiciméad beartais seo a leanas a fhorbairt mar chreatlach le haghaidh na healaíona áitiúla a fhorbairt i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin don tréimhse 2011-2014. Tógtar ann ar chéad straitéis ealaíon na Comhairle Contae 2007-2010 agus léirítear ann na hathruithe substaintiúla a tharla ar bhonn náisiúnta. Tá torthaí comhairliúchán poiblí a tharla i rith 2012 ann chomh maith le hathbhreithniú ar litríocht iomchuí agus ar dhoiciméid bheartais taobh thiar de.

Aithnítear in Continuing the Conversation trí phríomhréimse le haghaidh forbartha agus tá sé mar uaillmhian ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na healaíona ar leibhéal áitiúil a threorú i dtreo todhchaí níos athléimní agus inbhuanaithe. Cuimsítear sa doiciméad seo soláthar seirbhíse le haghaidh ealaíontóirí, an phobail agus comhpháirtithe chomh maith. Agus aird air seo is iad na trí phríomhréimse beartais a aithníodh ná:

> **Forbairt Chláir**

> **Rannpháirtíocht agus Foghlaim**

> **Tacaíocht do na hEalaíona**

# 2 //



# COMHTHÉACS //

## COMHTHÉACS NÁISIÚNTA //

Faoi Acht na nEalaíon 2003, tá ceanglas ar údarás áitiúil pleananna a ullmhú agus a chur i bhfeidhm leis na healaíona a fhorbairt laistigh dá réimse, ina ndeimhnítear gur cuid dhílis é forbairt na n-ealaíon do phleanáil údaráis áitiúil.  Aithnítear go bhfuil ról lárnach ag na healaíona i ngeilleagair áitiúla chun cuidiú le braistint phobail a chruthú. Agus forbhreathnú úrnua straitéiseach na Comhairle Ealaíon Developing the Arts in Ireland 2011-2013 á chur san áireamh, meastar sa pholasaí um fhorbairt na n-ealaíon, a scríobhadh in aimsir dhúshlánach, gur chóir tabhairt faoi seo ar bhealach a chuidíonn le forbairt ar leibhéal áitiúil ach a choinníonn soláthar seirbhíse cáilíochta ag an am céanna. Tá clú agus cáil ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar gheall ar an bhfreastal a dhéanann sé ar na healaíona agus tá sé bródúil as a rannpháirtíocht agus a thiomantas do na healaíona.

## COMHTHÉACS ÁITIÚIL //

Is é ráiteas misin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar atá curtha in iúl sa Phlean Corparáideach 2010-13 Seirbhísí agus bonneagar d'ardchaighdeán a sheachadadh, a chuireann le timpeallacht chultúrtha, shóisialta, fhisiceach agus gheilleagrach do chách a chónaíonn nó a oibríonn sa Chontae nó a thugann cuairt air.

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin suite idir bruachbhailte amuigh Chathair Bhaile Átha Cliath, imeallbhord Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus Sléibhte Átha Cliath/Loch Garman ar Chósta Thoir na hÉireann. Laistigh den chontae is iad na sé thoghcheantar an Baile Breac, an Charraig Dhubh, Dún Laoghaire, Dún Droma, Gleann Cuilinn and Stigh Lorgan. Léirítear i ndaonáireamh 2006 go bhfuil daonra de 194,000 ann. Áirítear ar phríomhdhéimeagrafaic an chontae comhréir ard den phobal a bhfuil cáilíocht tríú leibhéil acu, flúirseacht ghaolmhar na gcónaitheoirí (cé go bhfuil pócaí ann faoi mhíbhuntáiste) agus ilchineálacht chultúrtha mhéadaitheach an phobail.

Ó bunaíodh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sa bhliain 1994, tá clár d'ardchaighdeán forbartha ag an gComhairle Contae lena n-áirítear taispeántais, tionscnaimh oideachais agus for-rochtana, féilte, tionscnaimh ealaíne poiblí agus tréimhsí cónaithe d'ealaíontóirí, Cláir Oifig Ealaíon Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin trí mhealladh díreach agus deiseanna fógartha ar ár láithreán Gréasáin (www.dlrcoco.ie/arts) agus inár r-fheasachán ealaíne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cuirtear tacaíocht ar fáil freisin ó theanntaíochtaí agus ó dheontais. Tiománaí nádúrtha is ea na healaíona do cheann de Spriocanna Forbartha an Chontae 2010-2016 arb é Timpeallacht ardchaighdeáin thógtha nádúrtha agus caighdeán saoil níos fearr a sholáthar dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu nó atá ag oibriú i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus dóibh siúd a thagann ar cuairt chuig an gcontae.



## PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN //

Foirmíodh an beartas seo mar gheall ar thréimhse ollmhór chomhairliúcháin ar tugadh faoi le linn 2010 agus ba é Coiste um Beartais Straitéiseacha an Chomhshaoil, an Chultúir agus an Phobail a rinne é a threorú. Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin:

- Ocht gcruinniú comhairliúcháin ar fud an chontae agus ceann amháin acu le haghaidh ealaíontóirí go sainiúil.
- Agallaimh le geallsealbhóirí agus le comhpháirtithe ar fud an chontae.
- Agallaimh le geallsealbhóirí inmheánacha ó ranna éagsúla i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Aighneachtaí scríofa ón bpobal agus ó Chomhairleoirí Contae.
- Suirbhé ar-líne.
- Cur i láthair do Choiste um Beartais Straitéiseacha an Chomshaoil, an Chultúir agus an Phobail, cruinnithe Coistí Ceantair agus cruinniú leis an gComhairle Contae. (Déan tagairt le do thoil d'Aguisín 2 le liosta iomlán chomhaltaí na Comhairle agus SP a fháil).

Ceapadh na modhanna comhairliúcháin i dtoll a chéile chun príomhréimsí le haghaidh forbairt bheartais agus breithniúchán a mhealladh agus a léiriú.

- D'éascaigh gníomhaire seachtrach thar ceann Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na comhairliúcháin phoiblí agus chomhordaigh sé iad chomh maith.
- Foireann Oifig Ealaíon Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a thug faoi na hagallaimh.
- Síníodh na haighneachtaí scríofa agus an suirbhé ar líne trí mheán glao oscailte chuig an bpobal i gcoitinne.

Ba í ba mhianaidhm leis an bpróiseas foriomlán ná a oiread eolais a bhailiú ó pháirtithe, ealaíontóirí agus ó bhaill an phobail araon ar bhealach oscailte agus inrochtana. Ba í an chéad Straitéis Ealaíona Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2007-10 a chuir taca faoin bpróiseas seo, a chuir le, i gcomhar le hathbhreithniú litríochta agus leis an bpróiseas comhairliúcháin, foirmiú an Bheartais um Fhorbairt Ealaíona nua.

## TOSAÍOCHTAÍ AITHEANTA //

Le linn na timpeallachta geilleagraí seo is gá cinneadh a dhéanamh ar thosaíochtaí. Sa Bheartas um Fhorbairt Ealaíona áitiúil seo tógtar ar an saineolas agus ar an eolas a bailíodh ó Straitéis Ealaíona Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2007 – 2010, an próiseas comhairliúcháin a tugadh faoi sular ceapadh an beartas seo, cumas inmheánach Oifig Ealaíona Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus téarmaí tagartha a sheirbhíse poiblí.

Tháinig roinnt príomhréimsí tosaíochta chun tosaigh agus díreofar orthu seo le linn shaolré an Bheartais. Is iad na tosaíochtaí aitheanta seo ná:

- Rannpháirtíocht sna healaíona do chách, go háirithe leanaí, daoine óga, daoine scothaosta agus pobal áitiúil ealaíona Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
  Deiseanna a spreagadh chun obair a chruthú agus a thaispeáint.
- Go ndéanfaidh na gníomhaíochtaí seo deiseanna a sholáthar le haghaidh breisfhoghlama agus rannpháirtíochta.
- Abhcóideacht chun na healaíona a fhorbairt ar leibhéal áitiúil.

Rannpháirtithe sa Chlár Ealaíona & Sláinte,
Halla an Bhaile, Dún Laoghaire



# 3 //

## MISEAN AGUS TOSAÍOCHTAÍ //

### RÁITEAS MISIN EALAÍONA CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN //

Tacaíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leis na healaíona a fhorbairt ar leibhéal áitiúil agus is mianaidhm leis deiseanna a sholáthar dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu nó atá ag oibriú i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus dóibh siúd a thagann ar cuairt chuig an gcontae agus le dul i ngleic leis na healaíona mar chruthaitheoirí, rannpháirtithe agus lucht féachana.

### PRIONSABAIL THREORACHA //

Ar feadh fhad ama an Bheartais seo um Fhorbairt Ealaíona bainfear úsáid as na treoirphrionsabail seo a leanas thar thrí phríomhréimse beartais Fhorbairt an Chláir, na Rannpháirtíochta agus na Foghlama, agus na Tacaíochta le hEalaíon.

Beidh gach clár atá ceaptha agus curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin:

- Cruthaitheach
- Straitéiseach
- Saibhir
- D'ardchaighdeán

Cruthaitheach: Ina gcinnteofar go mbeidh smaointeoireacht shamhlaíoch agus ealaíonta mar bhonn agus taca ag gach gníomhaíocht.
Straitéiseach: Ag tabhairt faoi obair ar bhealach feasach ina seachnaítear dúbailt, ina seachadtar luach ar airgead a chothromaíonn infheistíocht eacnamaíoch leis an toradh is fearr don Chontae agus a spreagann comhghuaillíochtaí tairbheacha.
Saibhir: Deiseanna a bhfuil brí leo a thabhairt don phobal páirt a ghlacadh mar chruthaitheoirí, lucht féachana agus rannpháirtithe.
D'ardchaighdeán: Ardchaighdeáin a choinneáil i ngach réimse gníomhaíochta.




Ceardlann Cónaitheachta Ealaíontóra
Airfield, Dún Droma

# PRÍOMHRÉIMSÍ BEARTAIS LE HAGHAIDH FORBARTHA //

## PRÍOMHSHRAITHEANNA BEARTAIS //

D'aithin Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin trí phríomhshnáitheanna beartais le haghaidh forbairt beartais. Beidh an ceithre threoirphrionsabal (Cruthaitheach, Straitéiseach, Saibhir agus D'ardchaighdeán) lárnach sna réimsí beartais seo a leanas:

- Forbairt Chláir
- Rannpháirtíocht agus Foghlaim
- Tacaíocht do na hEalaíona

### Sraith 1 – Forbairt Chláir

Déanfaidh an tsraith seo saol cultúrtha an Chontae a shaibhriú trí chlár bliantúil ealaíona a sholáthar agus a fhorbairt agus leanfaidh sé den Chontae a bheoú.

### Sraith 2 – Rannpháirtíocht agus Foghlaim

Oibreoidh an tsraith seo go straitéiseach agus i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí inmheánacha agus seachtracha le tacú leis na pobail áirithe laistigh den Chontae chun rannpháirtíocht a ghlacadh sna healaíona go gníomhach mar chruthaitheoirí agus mar lucht féachana araon.

### Sraith 3 – Tacaíocht do na hEalaíona

Tacóidh an tsraith seo le riachtanais agus le fás pobail mhóir ghairmiúil agus amaitéaraigh ealaíona ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ionas go gcinnteofar todhchaí inbhuanaithe na n-ealaíona sa Chontae.

## FORBAIRT CHLÁIR //

Déanfaidh an tsraith seo saol cultúrtha an Chontae a shaibhriú trí chlár ealaíona contae a sholáthar agus a fhorbairt agus leanfaidh sé de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a bheoú.

Beidh tiomantas marthanach leanúnach don litríocht, do na hamharcealaíona agus d'ealaíona na n-óg. Déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin dianiarracht díriú ar fhoirmeacha breise d'ealaíon aonair, lena n-áirítear damhsa, scannánaíocht, ceol, agus na taibh-ealaíona, ar bhonn bliantúil thar shaolré an Bheartais.

In ainneoin go bhfuil téarmaí tagartha ar fud an chontae ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, is iad an dá ionad riaracháin agus pobail eadhon Dún Laoghaire agus Dún Droma a bheidh mar phríomhionaid gníomhaíochta cláraithe ealaíona. Is í an Oifig Ealaíon a sheachadóidh an clár ealaíona i gcomhoibriú le rannóga eile de chuid na Comhairle. Forbróidh an Oifig Ealaíon, ach go háirithe, sineirgí níos fearr cláraithe laistigh den Rannóg Comhshaoil, Cultúir agus Pobail, go háirithe Seirbhís Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tacófar le gníomhaíocht bhreise ealaíona i ngach foirm ealaíona agus ar fud an chontae trí dheontais ealaíona agus trí choimisiúin ealaíona poiblí. Mar dhearbhphrionsabal bunúsach de chuid an bheartais seo, beidh rannpháirtíocht agus foghlaim lárnach i ngach tionscadal agus i ngach imeacht atá eagraithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

## RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS FOGHLAIM //

Oibreoidh an tsraith seo go straitéiseach agus i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí inmheánacha agus seachtracha le tacú leis na pobail áirithe ar fud an chontae chun rannpháirtíocht a ghlacadh sna healaíona go gníomhach mar chruthaitheoirí agus mar lucht féachana araon.

Tá Rannpháirtíocht agus Foghlaim ag croí an Bheartais um Fhorbairt Ealaíona seo agus ag clárú Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ina dhiaidh sin le linn na tréimhse 2011-2014. Tá sé mar aidhm ag an tsraith seo bunúis láidre agus athléimneacha a thógáil le haghaidh na todhchaí, agus, mar a luadh i ráiteas misin Ealaíona Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, déanfaidh sé deiseanna a sholáthar dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu nó atá ag oibriú sa Chontae agus dóibh siúd a thagann ar cuairt chuig an Chontae le dul i ngleic leis na healaíona mar chruthaitheoirí, rannpháirtithe agus lucht féachana.

Cuimsíonn rannpháirtíocht ina léirmhíniú is fairsinge idir fhoirmeacha fulangacha agus gníomhacha rannpháirtíochta, ó bhall den lucht féachana go cruthaitheoir na hoibre. Tacaíonn foghlaim le roinnt eolais agus cumasaíonn sé comhoibriú. Aithníodh roinnt déimeagrafaicí tosaíochta tríd an bpróiseas comhairliúcháin: leanaí, daoine óga, daoine scothaosta agus pobal ealaíona Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Déanfaimid dianiarracht deiseanna a sholáthar inár mbunscoileanna; The Grainstore, Saoráid Ealaíona na nÓg (déan tagairt d'Aguisín 6 le haghaidh tuilleadh sonraí); ár gClár Ealaíona agus Sláinte agus déanfaimid iarracht comhthéacsanna eile foghlama agus rannpháirtíochta a imscrúdú.

Nuair a chuirtear san áireamh na réimsí tosaíochta atá aitheanta le haghaidh shaolré an bheartais seo, is amhlaidh go ndéanfaidh rannpháirtíocht agus foghlaim an méid seo a leanas:

- Cruthóidh sé deiseanna éagsúla le haghaidh an phobail le dul i ngleic leis na healaíona, mar chruthaitheoirí, rannpháirtithe agus lucht féachana.
- Déanfaidh sé lucht féachana a fhorbairt le haghaidh na todhchaí.



## TACAÍOCHT DO NA HEALAÍONA //

Tacóidh an tsraith seo le riachtanais agus le fás pobail mhóir ghairmiúil agus amaitéaraigh ealaíona ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ionas go gcinnteofar todhchaí inbhuanaithe na n-ealaíona sa Chontae.

### Maoiniú

Faoi réir acmhainní a bheith ar fáil, leanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin de theanntaíocht bhliantúil a sholáthar d'Amharclann Pavilion, arb é amharclann bhardasach an Chontae é agus d'Amharclann an Mhuilinn, atá ina acmhainn thábhachtach ealaíona le haghaidh Dhún Droma agus na limistéar máguaird.

Déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin scéim deontais a sholáthar chun críocha cúnamh airgid a chur ar fáil d'ealaíontóirí aonair, do ghrúpaí ealaíon agus d'eagraíochtaí ealaíon atá páirteach i dtionscadail nó in imeachtaí ealaíon go háitiúil nó sa chontae. Tá deontais ar fáil chomh maith le forbairt spásanna oibre ealaíontóirí a spreagadh, le deiseanna a chumasú le hobair a thaispeáint agus le tacú le forbairt ghairmiúil ealaíontóirí aonair. Tá ealaíontóirí, grúpaí ealaíon agus eagraíochtaí atá páirteach i ngach foirm ealaíona ar fud an chontae incháilithe le hiarratas a chur isteach.

Is iad seo a leanas cuspóirí na ndeontas;

- Le tacú le forbairt agus cur chun cinn gach foirm ealaíona i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin;
- Tionscnaimh ealaíne a spreagadh, a chothú agus a thacú a mhéadaíonn go gníomhach deiseanna do phobal Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tograí spreagúla, cruthaitheacha ardchaighdeán a fheiceáil, idirghníomhú leo agus páirt a ghlacadh iontu.
- Tacú le healaíontóirí aonair a gcleachtas a fhorbairt agus a bhreisiú i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin;
- Tacú le tionscadail ealaíona d'ardchaighdeán, le grúpaí ealaíona agus le heagraíochtaí ealaíona.

### Forbairt Ghairmiúil agus Meantóireacht

Tionscnóidh Oifig Ealaíona Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sraith deiseanna forbairt ghairmiúil agus meantóireachta le haghaidh ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu nó atá ag oibriú sa Chontae. Feidhmeoidh Oifig Ealaíona Dhún Laoghaoire-Ráth an Dúin mar sheirbhísí chomhairliúcháin le haghaidh ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíona sa Chontae agus is mian léi, mar oifig, forbairt gréasán ealaíontóirí a éascú.

### Faisnéis agus Cumarsáidí

Déanfaidh Oifig Ealaíona Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iarracht a bheith ina foinse eolais lárnach le haghaidh ealaíontóirí, eagraíochtaí agus baill den phobal ar mhaith leo eolas a fháil faoi na healaíona. Bainfear é seo amach trí láithreán gréasáin nua agus trí r-fheasacháin rialta ealaíona agus déanfar breis tacaíochta air seo tríd an tsraith um Fhorbairt Ghairmiúil agus Meantóireacht.




Tionscnamh Ealaíona na nÓg san Grainstore, Cábán tSíle

# 5 //

## CONCLÚID //


Ar feadh a shaolré Continuing the Conversation, Beartas um Fhorbairt Ealaíona Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2011-14, beidh sé mar chreatlach do sholáthar agus d'fhorbairt ealaíona áitiúla i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Rachfar i ngleic le trí shraith beartais d'Fhorbairt Chláir, Rannpháirtíochta agus Foghlaim, agus rachfar i ngleic le Tacaíocht do na hEalaíona tríd na tosaíochtaí aitheanta. Trí chloí leis na treoirphrionsabail, beidh gach clár agus gníomhaíocht ceaptha agus curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin - Cruthaitheach, Straitéiseach, Saibhir agus d'Ardchaighdeán.

Ar bhonn bliantúil déanfar an beartas a phleanáil go straitéiseach, agus déanfar monatóireacht agus measúnú air trí phlean inmheánach curtha i ngníomh ina nglacfar san áireamh na cúinsí atá ann faoi láthair, forbairtí beartais na Comhairle, riachtanais na ngeallsealbhóirí agus mórghníomh na bliana roimhe.

Ullmhóidh Foireann Oifig Ealaíona an plean bliantúil curtha i ngníomh seo le haghaidh faofa ón SPC Comhshaoil, Cultúir agus Pobail roimh an bpróiseas um phleanáil buiséid. Chuige sin, tá a chuid gníomhaíochtaí ag brath ar mhaoiniú agus ar thacaíocht chomhpháirtithe a íostharraingt go rathúil.

Trí Continuing the Conversation tá tiomantas tugtha ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin dul i ngleic le caidreamh leantach agus tá sé ag dúil le bheith ag obair le healaíontóirí, daoine aonair, eagraíochtaí agus grúpaí ionas gur féidir le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin fás agus forbairt mar bhaile beoga le haghaidh na n-ealaíon.




Síniú Leabhar le linn Féile Filíochta Dhún Laoghaire

# AGUISÍNÍ //

## AGUISÍN 1 // MODHEOLAÍOCHT TAIGHDE

Baineadh feidhm le linn an phróisis chomhairliúcháin as modhanna taighde a bhí cainníochtúil agus cáilíochtúil chun faisnéis a mhealladh ar bhealach feasach ó na geallsealbhóirí áirithe. Chuir na torthaí le ceapadh an Bheartais seo um Fhorbairt Ealaíona le haghaidh Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Mar a luadh sa phríomhdhoiciméad beartais is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas ná cruinnithe comhairliúcháin, agallaimh le geallsealbhóirí seachtracha agus inmheánacha, aighneachtaí scríofa agus suirbhé ar líne.

Rinneadh na comhairliúcháin seo a fhoilsiú trí ghlao oscailte leis an bpobal i gcoitinne agus trí chuireadh díreach do gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha. Cuireadh faisnéis maidir leis an bpróiseas ar fáil i bprionta, ar líne agus fógraíodh go poiblí é.  Ar a bharr sin, d'éascaigh gníomhaire seachtrach na cruinnithe poiblí agus bhailigh na torthaí ina dhiaidh sin.

Comhlánaíodh na modhanna taighde thuas le hathbhreithniú litríochta ar fhoilseacháin reatha agus doiciméid bheartais agus foghlama a bailíodh ó chur i ngníomh na chéad Straitéis Ealaíona 2007–2010.

Rinneadh Taighde ar Continuing the Conversation agus scríobhadh é thar thréimhse sé mhí ag an Oifig Ealaíona:

Kenneth Redmond, Oifigeach Ealaíon;
Carolyn Brown, Oifigeach Cúnta Ealaíona – Tacaíocht le hEalaíona agus Oibríochtaí;
Máire Davey, Oifigeach Cúnta Ealaíona – Rannpháirtíocht agus Foghlaim;
Ciara King, Oifigeach Cúnta Ealaíona – Clár um Fhorbairt Ealaíona.

## AGUISÍN 2 //
## EAGRAÍOCHTAÍ AGUS DAOINE AONAIR A NDEACHTHAS I GCOMHAIRLE LEO

Ba mhaith le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin buíochas a ghlacadh le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Ba mhaith linn ach go háirithe buíochas a ghabháil le Margaret O'Sullivan as na cruinnithe comhairliúcháin a éascú agus do Kadine Henry agus Laura Larkin as sonraí a bhailiú ón suirbhé ealaíona. Tugadh cuireadh do na heagraíochtaí agus do na daoine aonair seo a leanas páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin:

Comhairleoirí:

- An Comhairleoir John Bailey
- An Comhairleoir Maria Bailey
- An Comhairleoir Marie Baker
- An Comhairleoir Niamh Breathnach
- An Comhairleoir Richard Boyd Barrett
- An Comhairleoir Victor Boyhan
- An Comhairleoir Aoife Brennan
- An Comhairleoir Aidan Culhane
- An Comhairleoir Cormac Devlin
- An Comhairleoir Jane Dillion Byrne
- An Comhairleoir Stephen Fitzpatrick
- An Comhairleoir Tony Fox
- An Comhairleoir Pat Hand
- An Comhairleoir Gerry Horkan
- An Comhairleoir Richard Humphreys
- An Comhairleoir Tom Joyce
- An Comhairleoir Hugh Lewis
- An Comhairleoir Donal Marren
- An Comhairleoir Lettie McCarthy
- An Comhairleoir Mary Mitchell O'Connor
- An Comhairleoir Tom Murphy
- An Comhairleoir Denis O'Callaghan
- An Comhairleoir Jim O'Dea
- An Comhairleoir Gearóid O'Keeffe
- An Comhairleoir Neale Richmond
- An Comhairleoir Barry Saul
- An Comhairleoir Carrie Smyth
- An Comhairleoir Barry Ward

Eagraíochtaí:

- Airfield
- Ionad Oideachais na Carraige Duibhe
- Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath
- Comhairle na nÓg
- Comhaltas
- Bord Fiontar an Chontae
- Ionad Oidhreachta Dheilginse
- Amharclann Damhsa na hÉireann
- Compántas Damhsa na nÓg Bhaile Átha Cliath
- Dánlann Dhún Laoghaire
- Cumann Lucht Tráchtála Dhún Laoghaire
- Coláiste Breisoideachais Dhún Laoghaire
- Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire
- Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire
- Seirbhís na nÓg Dhún Laoghaire
- Seirbhís na nÓg Dhún Droma-Ráth an Dúin
- Ceoldrámaíocht Ghlas Tuathail
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
- Imaginosity
- Rannóga Inmheánacha na Comhairle Contae
- Amharclann Puipéid Lambert
- Amharclann an Mhuilinn
- Ceolscoil na Páirce Nua
- Amharclann Pavilion
- Coláiste Sinsearach an Naigín
- Comhlachas Eastáit Ghnó Áth an Ghainimh
- Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath
- Coláiste Sinsearach Stigh Lorgan
- The Grainstore, Saoráid Ealaíona na nÓg Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin
- Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
- Ógtheagmháil

Coiste um Beartas Straitéiseach um Chomhshaol, Chultúr agus Phobal:

- An Comhairleoir Aoife Brennan
- An Comhairleoir Cormac Devlin
- An Comhairleoir Stephen Fitzpatrick
- An Comhairleoir Tony Fox
- An Comhairleoir Hugh Lewis
- An Comhairleoir Donal Marren
- An Comhairleoir Mary Mitchell O'Connor
- An Comhairleoir Denis O'Callaghan (Cathaoirleach)
- An Comhairleoir Barry Saul
- An Comhairleoir Carrie Smith
- An Comhairleoir Barry Ward
- An Comhairleoir Jim O'Dea
- Chris Keogh (Cumann (IFA)
- Roger Kirker (Músaem na Mara)
- Michael Merrigan (Cumann Ginealais na hÉireann)
- Liz Ferris (Cumann Lucht Tráchtála na hÉireann)
- Richard Donelan (Fóram Pobail
- Chontae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin)
- Damien O'Sullivan (Cumann Gasógaíochta na hÉireann)



## AGUISÍN 3 //
## LIOSTA NA GCRUINNITHE COMHAIRLIÚCHÁIN

Tionóladh ocht gcruinniú comhairliúcháin poiblí le linn mí Meán Fómhair 2010 ins na láithreacha seo a leanas:

- Airfield Dún Droma
- Halla an Chontae, Dún Laoghaire
- Leabharlann Ghráinseach an Déin
- Ionad Pobail Bhaile Uí Lachnáin
- Óstán an Stillorgan Park
- The Step Inn, An Chéim

## AGUISÍN 4 //
## THE GRAINSTORE, SAORÁID EALAÍONA NA NÓG DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

Fóntas iontach do dhaoine óga Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ba é The Grainstore, Saoráid Ealaíona na nÓg, i bPáirc Chábán tSíle, Cábán tSíle, ó osclaíodh é i Mí na Samhna 1999. Spreag The Grainstore forbairt ealaíona na gcéadta daoine óga thar na bliana. Rinne Oifig Ealaíona Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin bainistíocht ar The Grainstore ó Mhí Mheán Fómhair 2008 gur fhorbair sé cláir ealaíona d'ardchaighdeán ina mbíonn daoine óga lárnach ann. Tá forbairt Canvas croílárnach san éiteas seo, coiste ealaíona na n-óg atá lonnaithe in The Grainstore.

Aithníodh daoine óga mar cheann de na déimeagrafaicí ar chóir díriú orthu in Continuing the Conversation. Leanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag tacú le The Grainstore agus Canvas le deiseanna a sholáthar do gach duine óg dul i ngleic leis na healaíona mar rannpháirtithe gníomhacha agus fulangacha agus leanfaidh sé de lucht féachana a fhorbairt le haghaidh na todhchaí.

## LEABHARLIOSTA //


- A Strategy for The Arts in Chelmsford 2006-2010 (2006) Chelmsford, Chelmsford Borough Council, Arts & Entertainment.
- Artbeat: Regional Arts And Culture Strategy 2010-2014 (2009) Brisbane, Queensland Government, Department of the Premier and Cabinet.
- Arts Strategy 2008-2013 Flintshire County Council (2008) Flintshire, Flintshire County Council.
- Bath & North East Somerset Council Arts Development Strategy 2011-2014 (2011) Cullis, A and Salt, P. Bath, Bath & North East Somerset Council, Dulta isteach ar an 18 Eanáir 2011. Ar fáil ag http://www.bathnes.gov.uk/leisureandculture/artsandentertainment/artsdevelopment/Pages/Arts%20Development%20Strategy%202011-14.aspx
- Championing Creativity An arts development policy framework for Western Australia 2004-2007 (2004) Perth, ArtsWA.
- City & County of Cardiff Culture, Leisure & Parks Service Arts Development Division Arts Strategy (2006) Cardiff, City & County of Cardiff.
- City Of Helsinki Cultural Office Annual Report 2008 (2008) Helsinki, City Of Helsinki Cultural Office.
- City Of Melbourne Arts Strategy 2004-2007 (2004) Victoria, City Of Melbourne.
- City Of Sydney Interim Public Art Strategy (2006) Sydney, The City of Sydney.
- City Strategies, City Arts & Living Culture Strategy 2003-2007 (2002) Adelaide, Adelaide City Council
- Common Chords, A Music Strategy for the City Of Edinburgh 1999, (1999) Edinburgh, The City of Edinburgh Council.
- Comhairle Cathrach Chorcaí agus Straitéis Chultúir 2006-2009 (2005) Corcaigh, Comhairle Cathrach Chorcaí, Oifig Ealaíona.
- Luach a Chruthú: An Arts and Culture Sector Policy Framework 2010-2014 (2010) Perth, Government of Western Australia, Department of Culture and the Arts.
- Plean Straitéiseach um Naisc Chultúrtha don Rannóg Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Contae Dhún na nGall 2009-2014 (2009) Dún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall.
- Cultural Matters, A Cultural Strategy for Islington Council 2010-2015 (2010) London, Cultural Services, Environment and Regeneration.
- Cultural Metropolis- The Mayor's Draft Cultural Strategy 2012 and Beyond (2010) London, Greater London Authority.
- Forbairt na nEalaíon in Éirinn, Forbhreathnú Straitéiseach na Comhairle Ealaíon 2011-13 (2010), Baile Átha Cliath, Comhairle Ealaíon na hÉireann
- Dréachtstraitéis Forbartha Ealaíon (2010) Gaillimh, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Oifig Ealaíona na Cathrach. Dulta isteach ar an 24 Nollaig 2010. Ar fáil ag http://www.galwaycity.ie/AllServices/ArtsandCulture/Publications/FileEnglish,5849,en.doc
- Straitéis Chultúir agus Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2004-2009 (2004), Baile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Plean Seirbhíse Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2006-2009 (2006), Baile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Straitéis Ealaíon Dhún Laoghaoire-Ráth an Dúin 2007-10 (2007), Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Plean Corparáideach Dhún Laoghaoire-Ráth an Dúin 2010-14 (2010), Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Plean Forbartha Dhún Laoghaoire-Ráth an Dúin 2010-16 (2010), Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Plean Oidhreachta Dhún Laoghaoire-Ráth an Dúin 2004-2008 (2004), Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Plean Forbartha Leabharlann Dhún Laoghaoire-Ráth an Dúin 2010-13 (2010) (Dréacht), Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Edinburgh Dance Strategy June 2004 (2004) Edinburgh, The City Of Edinburgh Council.
- Edinburgh Theatre Strategy: Deireadh Fómhair 2004 (2004) Edinburgh, The City Of Edinburgh Council
- Ealaíona Fhine Gall 2006-2010 (2006) Baile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, Oifig Ealaíon.
- Future of the Arts in Gwynedd (2007) Gwynedd: Comhairle Gwynedd
- Holden, J. (2006) Údaráis Áitiúla: A Change in the Cultural Climate, London, Demos.
- Comhpháirtíocht sna hEalaíona (2005) Baile Átha Cliath, Comhairle Ealaíon na hÉireann.
- Comhpháirtíocht sna hEalaíona i gCleachtas 2006-2008 (2005) Baile Átha Cliath, Comhairle Ealaíon na hÉireann.
- Straitéis Forbartha Ealaíona Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas 2006-2010 (2006) Baile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, An Oifig Ealaíon.
- The arts debate – About the consultation (2007) London, Arts Council England.
- An Pobal agus na hEalaíona (2006) Baile Átha Cliath, Comhairle Ealaíon na hÉireann.
- The Royal Borough Of Kensington And Chelsea Arts And Culture Policy 2009-2020 (2009) London, The Royal Borough Of Kensington And Chelsea.
- Towards the New Enlightenment: A Cultural Policy for the City of Edinburgh 1999 (1999) Edinburgh, The City of Edinburgh Council.
- Plean Ealaíon na hIarmhí 2010-2016 (2010) An Iarmhí, Comhairle Contae na hIarmhí. Dulta isteach ar an 18 Eanáir 2011. Ar fáil ag http://www.westmeathcoco.ie/en/ourservices/recreationculture/arts/westmeathartsplan2010-2016/


## BUÍOCHAS //


Chomh maith leis na daoine sin a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin ba mhaith leis na húdair buíochas a thabhairt do na daoine seo a leanas as ucht a dtreorach agus a gcabhrach trí fhorbairt an bheartais seo.

An tUasal Owen Keegan, Bainisteoir Contae
An tUasal Richard Shakespeare, Stiúrthóir Seirbhíse Comhshaoil, Cultúir agus Pobail
Mairead Owens, Uasal, Leabharlannaí Contae
An tUasal Wessel Badenhorst, Oifigeach Forbartha Geilleagraí
Ms Elaine Carroll, Oifigeach Tionscadail, Tionscadal Bhanda an Bhaile Dhún Laoghaoire
An tUasal Michael McLoughlin, Oibrí Ealaíona Óige Dhún Laoghaoire - Ráth an Dúin
Lynda Fox, An Oifig Chumarsáide
Máirín Mac Góráin, An Oifig Chumarsáide
Torry Schellhorn, Uasal, Oifig Chumarsáide
Monica Corcoran, Uasal, An Chomhairle Ealaíon

Grianghrafadóirí
dlr Arts Office
Jason Clarke
Paul McCarthy
Pat Redmond
Niamh White

Context a d'aistrigh go Gaeilge




Ceardlann ar na hAmharcealaíona do Pháistí i Halla an Bhaile Dún Laoghaire. Treoraí: An tEalaíontóir Aoife Dwyer,

Dearadh: evolve (evolvedesign.ie)